# COMHAR

## TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ

## Iúil 2022 - Meitheamh 2023

**Meitheamh 2023**

## Clár

**1. REAMHRÁ....................................................................................................................3**
a. Cruinnithe Boird....................................................................................................3
b. Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)............................................................ 3
**2. TIONSCADAIL....................................................................................................................3**
a. *Comhar*.................................................................................................................. 3
b. *Leabhair*COMHAR....................................................................................................4
c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)...................................................4
d. COMHAR*Taighde*.................................................................................................. 5
e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge...........................................................................5
**3. MAOINIÚ....................................................................................................................6**
a. Foras na Gaeilge....................................................................................................6
i. Maoiniú na hirise....................................................................................................6
ii. Maoiniú na leabhar............................................................................................... 6
iii. Eile........................................................................................................................6
b. An Chomhairle Ealaíon.......................................................................................... 6
i. Maoiniú na hirise....................................................................................................6
ii. Maoiniú na leabhar............................................................................................... 6
c. Coiste Léann na Gaeilge.........................................................................................6
d. An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán............6
e. COGG...................................................................................................................... 7
**4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ....................................................................................................7**
a. Foireann na hoifige................................................................................................ 7
b. Intéirneachtaí......................................................................................................... 7
**5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT....................................................................................................8**
a. COMHAR@4Scór.....................................................................................................8
b. Ócáidí......................................................................................................................8
c. Na meáin shóisialta.................................................................................................9
d. Eile.......................................................................................................................... 9
**6. Eile....................................................................................................................9**
a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse...................................................... 9
b. Buíochas.................................................................................................................. 10

1. **REAMHRÁ**

Is mian le Bord Stiúrtha COMHAR an tuairisc seo ar obair na cuideachta a chur os comhair na gcomhaltaí.

a. **Cruinnithe Boird**

Tionóladh ocht gcruinniú den Bhord Stiúrtha ón gCruinniú Cinn Bhliana anuraidh:

01 Meán Fómhair 2022 (fíorúil)
20 Deireadh Fómhair 2022 (fíorúil)
05 Nollaig 2022 (hibrideach)
19 Eanáir 2023 (hibrideach)
02 Márta 2023 (hibrideach)
30 Márta 2023 (hibrideach)
11 Bealtaine 2023 (hibrideach)
20 Meitheamh 2023 (hibrideach)

Tá trí chruinniú eile le bheith ag an mBord i mbliana: 07.09.23, 19.10.23, 04.12.23.

Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana ar an 20 Meitheamh 2023 go hibrideach.

b. **Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)**

D'éirigh Paula Ní Shlatarra as an mBord ar an 30 Meitheamh 2022.

Ceapadh Máire Harris agus Derek Ó Briain mar Stiúrthóirí ar an 30 Meitheamh 2022.

2. **TIONSCADAIL**

a. ***Comhar***

Foilsíodh dhá eagrán déag den iris le linn thréimhse na tuairisce seo, trí eagrán speisialta ina measc:

- Mí Dheireadh Fómhair 2022: Ceiliúradh ar shaothar Mháire Mhac an tSaoi, 100 bliain ó rugadh í agus bliain ó chailleadh í. Aoi-eagarthóir: Síobhra Aiken. Féach mír 5a maidir leis an ócáid sheolta.
- Mí na Bealtaine 2023: Ceiliúradh ar 70 bliain de Gael Linn. Aoi-eagarthóir: Máire Nic Fhinn.
- Mí an Mheithimh 2023: Móreagrán Aiteach, 30 bliain ó rinneadh díchoirúlú ar an homaighnéasacht i bPoblacht na hÉireann. Aoi-eagarthóir: Seán Mac Risteaird.
    - Déanfar an t-eagrán seo a cheiliúradh ag ócáid in STREET 66, BÁC ar an 21 Meitheamh 2023 mar chuid de Bród 2023.

Mar is gnách, foilsíodh an liosta móréilimh *Leabhair na Bliana* i móreagrán na Nollag ag deireadh 2022. San eagrán sin tugadh spléachadh ar na leabhair is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na léirmheastóirí le linn na bliana.

Lean Seán Tadhg Ó Gairbhí agus Tristan Rosenstock lena gcúraimí mar Eagarthóir agus Eagarthóir Liteartha, faoi seach, le linn na tréimhse. Meastar gur leanadar den ardchaighdeán a bhí bainte amach le blianta beaga roimhe sin maidir le scríbhneoireacht, le héagsúlacht an ábhair agus le críochnúlacht na hirise. Chuir dearadh an dearthóra Mark Wickham go mór leis an bhfoilseachán arís agus chuir sé an leagan leictreonach ar fáil ar an suíomh gach mí freisin.

### b. *Leabhair*COMHAR

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce seo, le tacaíocht ó na maoinitheoirí ainmnithe:

- Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge
    - *Snámh na Saoirse* le Róisín Sheehy (2022)
        - dráma sa tsraith 'Guth Nua'
    - *Is trua nach bhfuil tú anseo* le Pól Ó Cainín (2022)
        - úrscéal ficseaneolaíochta don fhoghlaimeoir fásta
    - *Inis Mara* le Tristan Rosenstock (2023)
        - scéal do pháistí 10-14, maisithe ag Mark Wickham

- An Chomhairle Ealaíon
    - *An Snag Breac Ildaite* le hEmma Baskin (2023)
        - pictiúrleabhar do pháistí maisithe ag Serena Scully
    - *Aoi ag Bord na Teanga* le Celia de Fréine (2023)
        - cnuasach sa tsraith 'Téad na Filíochta', grianghraif le Simon Robinson, réamhrá le Ríóna Ní Fhrighil
    - *Eánlaith Iarthuaisceart Thír Chonaill* le Maitiú Ó Murchú (2023)
        - leabhar grianghraf agus eolais sa tsraith 'Doras Feasa'

Leabhair idir lámha agus le foilsiú faoi dheireadh 2023:

- Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge
    - *Leanaí Séanta* le Celia de Fréine (An Léamh Liteartha), drámaí comhaimseartha.
    - *Geansaithe Móra* le Gearóidín Nic Cárthaigh (Guth Nua), cnuasach splancfhicsin.
    - Athchló ar *Dialann Emily Porter: An Jailtacht* le Richie Conroy (An Saol Óg).

- An Chomhairle Ealaíon
    - *Am Amú* le hÉilis Neary (An Saol Óg), úrscéal do dhéagóirí óga maisithe ag an údar.
    - *Deargadh Anoir* le hIarla Mac Aodha Bhuí (An Saol Óg), úrscéal stairiúil eachtraíochta do dhéagóirí.
    - *Iarmhairt* le Pádraig Mac Fhearghusa (Téad na Filíochta).

Tá an t-athbhreithniú ar Scéim na Foilsitheoireachta, a luadh sa tuairisc dheiridh, idir lámha ag Clár na Leabhar Gaeilge/FnaG go fóill. Chuir siad síneadh bliana leis an scéim deiridh chun obair 2023 a mhaoiniú. Táthar ag súil go mbeidh eolas maidir leis an scéim nua réidh acu níos déanaí i mbliana.

### c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)

Tháinig deireadh leis an scéim phíolótach maoinithe do CLÓ (maoinithe ag Clár na Leabhar Gaeilge faoi Scéim na Foilsitheoireachta) ag deireadh 2022. Mar a luadh faoi mhír b thuas, cuireadh síneadh leis an scéim maoinithe do CLÓ don bhliain 2023. Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar an scéim phíolótach.

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce seo:

- *An Óige agus an Athbheochan* le Ríona Nic Congáil (2022)
    - an chéad mhonagraf ar stair agus ar chultúr na hóige Gaelaí
- *Léann na Sionainne* in eagar ag Aengus Ó Fionnagáin agus Gordon Ó Riain (2022)
    - mar chuid den tsraith 'Aistí Léannta'
- *Cré na Cille* (2022)
    - atheagrán den saothar bunaithe ar bhunlámhscríbhinn an Chadhnaigh i dtaisce i gColáiste na Tríonóide, in eagar ag an Ollamh Cathal Ó Háinle

Leabhair idir lámha agus le foilsiú faoi dheireadh 2023:

- *Máirtín Ó Cadhain 2020*
    - páipéir a léadh ag comhdháil dar teideal 'Máirtín Ó Cadhain 2020' móide dhá aiste phearsanta

### d. COMHAR*Taighde*

Foilsíodh eagrán 8 de COMHAR*Taighde* i Samhain 2022. Ba iad an tOllamh Comhlach Caoimhín Mac Giolla Léith, an tOllamh Comhlach Ríona Nic Congáil agus an Dr Peadar Ó Muircheartaigh a bhí mar eagarthóirí ar an eagrán sin.

Eagraíodh 'Ócáid Liteartha agus Comhsheoladh (Eagráin 6-8 de COMHAR*Taighde*)' san RIA ar an 17 Feabhra 2023. Ócáid a rinne ceiliúradh ar shaothar scoláireachta Mháire Ní Annracháin i nGaeilge na hÉireann agus i nGaeilge na hAlban, buíochas le tacaíocht ó Scéim Deontas Cholmcille, Foras na Gaeilge.

Rinneadh comhsheoladh ar thrí eagrán den iris acadúil COMHAR*Taighde* ag an ócáid chéanna:
- CT 6: Eagrán speisialta in ómós do shaothar Mháire Ní Annracháin sa dá Ghaeilge
- CT 7: Céad alt foilsithe i nGaeilge na hAlban san iris
- CT 8: Céad léirmheas foilsithe i nGaeilge na hAlban san iris

Labhair idir chainteoirí agus fhilí Gaeilge agus Gàidhlig ag an ócáid.

Tá obair idir lámha ar COMHAR*Taighde* 9 faoi láthair.

### e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Cuirtear sraith portráidí nua leis an gcartlann ([www.portraidi.ie](http://www.portraidi.ie)) go bliantúil.

Réachtáladh ócáid sheolta, i gcomhpháirt leis an Oireachtas mar chuid de na Gradaim Fhoilsitheoireachta, i dTeach an Ardmhéara, an 5 DF 2022. Cuireadh na portráidí seo a leanas leis an mbunachar an tráth sin:

- Colette Ní Ghallchóir: file
- Eilís Ní Anluain: úrscéalaí agus beathaisnéisí
- Eoghan Mac Giolla Bhríde: drámadóir, gearrscéalaí agus scríbhneoir don aos óg
- Isobel Ní Riain: úrscéalaí, criticeoir agus scríbhneoir acadúil
- Mícheál Ó Cearúil: aistritheoir, staraí & scríbhneoir acadúil
- Muireann Ní Chíobháin: scríbhneoir don aos óg agus scríbhneoir scripte
- Philip O'Leary: Ollamh Emeritus leis an Léann Éireannach in Boston College & scríbhneoir acadúil
- Réamonn Ó Muirí: file agus staraí

- Seán de Fréine: staraí agus díolamóir

Tá COMHAR buíoch de Foras na Gaeilge, as an maoiniú a chuireann siad ar fáil leis an tionscadal seo a reáchtáil gach bliain, agus de na scríbhneoirí agus na grianghrafadóirí a thoilíonn a bheith páirteach sa togra spreagúil seo.

3. **MAOINIÚ**
    a. **Foras na Gaeilge**
        i. Maoiniú na hirise

- Bunmhaoiniú de €80,000 sa bhliain atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge don tréimhse 2021-25.

        ii. Maoiniú na leabhar

- Cheadaigh Clár na Leabhar Gaeilge €59,416 do *Leabhair*COMHAR agus CLÓ le linn 2022 faoi Scéim na Foilsitheoireachta.
- Bhronn siad €10,000 sa bhreis mar mhaoiniú aon uaire.
- Ceadaíodh an méid céanna do 2023 (€59,416 + €10,000).

        iii. Eile

- Cheadaigh Foras na Gaeilge maoiniú de €10,575 in 2022 le huasghrádú a dhéanamh ar threalamh teicniúil na heagraíochta.
- Cuireadh in iúl do COMHAR i mí Lúnasa 2022 nach mbeifí in ann dul ar aghaidh le Bainisteoir Tionscadail a cheapadh don don togra comhpháirteach ‘Léitheoirí na Gaeilge’, ar an ábhar nár theastaigh ó Fhoras na Gaeilge an tionscadal a chur chun cinn ag an tráth sin.
- Mar gheall ar bhearna idir caiteachas agus ioncaim i dtreo dheireadh 2022, rinne COMHAR iarratas leis an Foras ar mhaoiniú éigeandála de €25,000. Ceadaíodh maoiniú breise i mí na Nollag 2022.
- Ceadaíodh €3,000 faoi Scéim Deontas Cholmcille le comhsheoladh COMHAR*Taighde* a reáchtáil.

    b. **An Chomhairle Ealaíon**
        i. Maoiniú na hirise

- Ceadaíodh €46,800 don bhliain 2022 le 3 mhóreagrán a fhoilsiú mar aon le ceiliúradh ar COMHAR@80.
- Ceadaíodh €22,500 don bhliain 2023 le 3 mhóreagrán a fhoilsiú.

        ii. Maoiniú na leabhar

- Ceadaíodh €27,000 don bhliain 2022 agus €22,350 don bhliain 2023.

    c. **Coiste Léann na Gaeilge**

- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €4,500 ar an eagraíocht i gcomhair COMHAR*Taighde* 8 a fhoilsiú.

    d. **An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

- Bhronn an Roinn TCEGSM €80,000 (40k do 2022 agus 40k do 2023) ar COMHAR mar aitheantas agus ceiliúradh ar COMHAR@80.

**e. COGG**

- Bhronn COGG €7,500 ar COMHAR chun cóip dea-mhéine den mhóreagrán in ómós do Mháire Mhac an tSaoi a scaipeadh ar gach roinn Ghaeilge i ngach iarbhunsoil sa tír i mí Eanáir 2023.

Tá COMHAR an-bhuíoch do na maoinitheoirí go léir as an tacaíocht leanúnach. An dúshlán is mó atá os comhar na heagraíochta ná an bhearna idir an bunmhaoiniú bliantúil de €120k, a bhí ar fáil ó FnaG go dtí 2020, agus an €80k atá ar fáil ó shin i leith, a líonadh, go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil praghsanna agus costais ag ardú go suntasach i ngach earnáil le bliain anuas. Tá an méid sin curtha in iúl do Fhoras na Gaeilge ar bhonn leanúnach, agus i mí Mhárta chuir bord COMHAR ***Plean Gníomhaíochtaí 2023-2027*** faoi bhráid an Fhorais a léiríonn tiomantas na heagraíochta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá os a comhair.

Aithníonn an eagraíocht an deis nua atá ann maidir le fógraíocht Stáit a mhealladh chuig *Comhar*, mar thoradh ar leasuithe ar *Acht na dTeangacha Oifigiúla* a cuireadh i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2022. Le cúpla mí anuas, tá méadú tagtha ar an líon fógraíochta in *Comhar* atá ceannaithe ag comhlachtaí poiblí. Tá sé i gceist ag COMHAR a bheith níos gníomhaí maidir le teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí poiblí chun buntáiste a fháil as an deis uathúil seo. Táthar dóchasach gur sruth maoinithe nua, leanúnach a bheidh i gceist leis an ioncam ó fhógraíocht Stáit sna blianta romhainn.

**4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ**

Faoin Fheidhmeannach Bainistíochta & Gnó atá cúram bhainistiú laethúil an ghnó (cúraimí airgeadais, riaracháin, cumarsáide etc.). Oibríonn an Feidhmeannach BG i bpáirt leis an leis an bhFeidhmeannach Foilsitheoireachta, comhairleoirí seachtracha (eagarthóiri na hirise san áireamh) agus tugann sí treoir do chúram na n-intéirneach, mar aon le feidhmiú mar lárphointe teagmhála don Bhord Stiúrtha.

**a. Foireann na hoifige**

- Thosaigh Clare Coughlan sa ról mar Fheidhmeannach Bainistíochta & Gnó ar an 25 Iúil 2022.
- Lean Jennifer Gorissen ina ról mar Fheidhmeannach Foilsitheoireachta le linn na tréimhse.

**b. Intéirneachtaí**

Tá naisc go fóill ag COMHAR le ranna Gaeilge na n-ollscoileanna agus na gcoláistí agus tá taithí oibre á tairiscint do mhic léinn ó chúlraí éagsúla e.g. iriseoireacht, margaíocht, teicneolaíocht, gnó etc.

Le linn samhradh 2022, chaith na daoine seo a leanas seal ag obair leis an eagraíocht:

- Aoife Crowley, UCC (9 Bealtaine - 17 Meitheamh 2022)
- Darach Bregazzi (23 Bealtaine - 3 Meitheamh 2022)
- Gráinne Caulfield, TCD (7 Meitheamh -15 Iúil 2022)
- Sinéad Scully, UCD (27 Meitheamh - 3 Lúnasa 2022)

5. **MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT**
    a. **COMHAR@4Scór**

Bhí COMHAR@4Scór lárnach mar théama ag an gComhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge 2022 (30 MF-1 DF 2022). Mar chuid den deireadh seachtaine chéanna, d'eagraigh COMHAR ócáid chomórtha in Eaglais San Nioclás, Gaillimh (an 30 MF). Léiriú eile ar an léamh drámatúil a rinneadh sa Mhúsaem Náisiúnta Cló i mBÁC níos luaithe sa bhliain a bhí ann. Eoin McEvoy a bhí mar stiúrthóir ar an léiriú. Rinneadh taifeadadh ar an léiriú i stiúideo RTÉ i mí na Samhna agus craoladh ar RnaG ar an 27 Nollaig 2022 é.

Seoladh an t-eagrán speisialta in Ómós do Mháire Mhac an tSaoi ag ócáid eile in Eaglais San Nioclás ar an 1 DF 2022. Louis de Paor a rinne an seoladh agus Darach Mac an Iomaire a bhí mar stiúrthóir ar an ócáid a lean, a raibh ceoil agus léamh dánta mar chuid de.

Tá COMHAR an-bhuíoch de mheitheal eagraithe na comhdhála - go háirithe do Katie Ní Loingsigh as an téama a roghnú agus do Tristan Rosenstock a bhí lárnach in eagrú an dá imeacht thuasluaite.

Lean an colún speisialta, inar chaith Donncha Ó hÉallaithe súil siar ar chuid den ábhar spéisiúil a foilsíodh ar *Comhar* ó bunaíodh é, san iris go dtí eagrán mhí Feabhra 2023.

Tá COMHAR an-bhuíoch don Chomhairle Ealaíon as an maoiniú a chur siad ar fáil chun COMHAR@4Scór a cheiliúradh mar is ceart.

    b. **Ócáidí**

Sa bhreis ar na hócáidí luaite faoi mhíreanna eile sa tuairisc seo, bhí ionadaí COMHAR i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- Léachtaí Cholm Cille, Má Nuad, 9-10 MF 2022
- An Chomhdháil ar Lítríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, Gaillimh, 30 MF-1 DF 2022
    - Ócáidí breise eagraithe mar chuid de luaite faoi mhír a thuas
- Dublin Book Festival, Books Upstairs, Baile Átha Cliath, 2 DF 2022
    - Caint agus léamh ó *Cuisle an Chósta* ag an údar Catherine Foley
- Oireachtas na Samhna, Cill Airne, 3-5 Samhain 2022
    - Seoladh *Snámh na Saoirse* ar an 4ú
- IMRAM na nÓg, Dún Laoghaire, 10 Samhain 2022
    - Léamh ón tsraith *Emily Porter* agus ceardlanna do mheánscoileanna leis an údar Richie Conroy
- An Post Book Awards, Baile Átha Cliath, 23 Samhain 2022
    - Ainmíodh *An Dara Rogha* le Celia de Fréine don ghradam LoveLeabharGaeilge, leabhar Gaeilge na bliana
- Aonach na Nollag, Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, 4 Nollaig 2022
- Scoil Gheimhridh Merriman, Gaillimh, 28 Eanáir 2023
    - Seoladh *Ó Chleamairí go Ceamairí*
- Seachtain na Gaeilge, Caisleán an Bharraigh, 11 Márta 2023
    - Caint agus léamh ó *Nár Fhág Ariamh Mo Chuimhne* ag an údar Fionnuala Ní Fhlannagáin

- IMRAM na nÓg, 2-5 Bealtaine 2023
    - 4 ócáid do pháistí leis an údar Tristan Rosenstock, bunaithe ar an leabhar *Inis Mara*
- Éigse na Bruiséile, An Bruiséil, 13 Bealtaine 2023
    - Comhrá le Tristan Rosenstock faoina leabhar *Inis Mara* agus seoladh

Fuair tionscadail éagsúla na heagraíochta cuid mhaith poiblíochta sna meáin (e.g. tuairisc.ie, nós.ie, Irish Independent, Irish Times, rte.ie, 'I Lár an Aonaigh' ar BBC, Nuacht TG4) agus sna meáin shóisialta le linn na tréimhse chomh maith.

**c. Na meáin shóisialta**

Baintear leas as cuntais COMHAR ar na meáin shóisialta (i.e. Instagram, Twitter agus Facebook) chun cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bpobal. Meán luachmhar é chun poiblíocht a dhéanamh ar obair agus aschur na heagraíochta i measc custaiméirí agus eagraíochtaí eile.

Léiríonn an tábla thíos an fás a tháinig ar líon na leantóirí le dhá bhliain anuas.

| Meán | 2021 | 2022 |
|---|---:|---:|
| **Instagram** | 858 | 1,064 |
| **Twitter** | 3,655 | 3,941 |
| **Facebook** | 2,521 | 4,026* |

*cuntais na hirise agus na leabhar móide leathanach na heagraíochta

**d. Eile**

Cuireadh tús le fógraíocht mhíosúil a dhéanamh ar leabhair de chuid *Leabhair*COMHAR agus CLÓ san iris *Comhar* ag tús 2023.

Glactar fógraíocht seachtrach (e.g. Books Ireland) ag tréimhsí éagsúla sa bhliain, ag brath ar riachtanais agus maoiniú.

Cuireadh míreanna ó chlár raidió a craoladh an 31 Bealtaine 1952 maidir le *Comhar*, agus an iris 10 mbliana ar an bhfód, le Bailiúchán Dhioscaí Aicéatáite Chartlann RTÉ i mí na Bealtaine 2023. Tá ceann de na míreanna ar fáil anseo:
www.rte.ie/archives/collections/acetate-disc-collection/11420925-comhar-sen-heigeartaigh/

**6. Eile**

**a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse**

Suaimhneas síoraí do na daoine seo a leanas a cailleadh le bliain anuas:

- Seán P. Ó hÉalaí - iar-eagarthóir *Comhar* (Márta 2023)

### b. Buíochas

Gabhann stiúrthóirí COMHAR buíochas le:

- Páirtnéirí maoinithe COMHAR:
    - Foras na Gaeilge
        - Clár na Leabhar Gaeilge
        - Clár Cholmcille
    - An Chomhairle Ealaíon
    - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
    - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
    - Coiste Léann na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann
- Daithí Ó Maolchoille agus Tom Bluett, a rinne iniúchadh ar na cuntais
- Ronan Doherty a chomhoibrigh leis an eagraíocht ar thograí éagsúla teicniúla i gcaitheamh na bliana
- *Comhar*: Seán Tadhg Ó Gairbhí (Eagarthóir), Tristan Rosenstock (Eagarthóir Liteartha), Máire Ní Fhinneadha (Cóipeagarthóir), Mark Wickham (Dearthóir), Johnswood Press (Clódóirí), na haoi-eagarthóirí agus na scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an iris
- *Leabhair*COMHAR: Na scríbhneoirí, léitheoirí, cóipeagarthóirí, dearthóirí agus clódóirí éagsúla
- CLÓ: Grúpa maoirseachta agus Bord comhairleach eagarthóireachta
- COMHAR*Taighde:* Caoimhín Mac Giolla Léith, Ríona Nic Congáil, Peadar Ó Muircheartaigh eagarthóirí; bord comhairleach eagarthóireachta acadúil
- *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*: Breandán Mac Craith agus Anna Davitt ó Foras na Gaeilge (maoinitheoir), na grianghrafadóirí agus na daoine ar cuireadh a bportráid leis an suíomh le linn na tréimhse
- Foireann COMHAR:
    - Jennifer Gorissen
    - Clare Coughlan

Stiúrthóirí COMHAR
Meitheamh 2023